Cian do chuairt, a Chú Connacht

[Breatnach, Pól: ‘Poems of Brian Ó Corcráin from the Book of O’Conor Don’, *Irisleabhar Muighe Nuadhad* 1929, 35ff., poem 3]

1 Cian do chuairt a Chú Connacht
dá bfheasta a bharr bhachollnocht
iath Eirne ann fa eire
badh ham déinmhe deifeire.

2 Mar atá an tír leath ar leath
dá bfeasta sa a chúl fáinneach
búdh cúis truaighe an dáil duitsi
tar chuaine an chláir Chormuic-si

3 Gan gean gáire gan ghlór grinn
truagh fian Eirne tar Eirinn
fáth a mbróin as cneadh chroide
a bfleadh óil a n-eólchoire.

4 On ló do thrialluis tar lear
atáid cách cuid dá n-imneadh
adhbhar bróin dót ghruaidh ghealtais
gan buaidh óil ná oireachtais.

5 Urlann do lis gan lúth greagh
gan chongháir gan chur gcraoitheadh
dob annamh riamh roimhe a-niodh
a chroidhe gliadh na nGaoidhiol.

6 Ar Loch Eirne an inbhir ghloin
gan fhaicsin uain bhar n-arthraigh
deór le gruaidh Manchoigh ní mall
le fuaim arthraigh na n-eachtronn.

7 An tír ar gach taobh do loch
mar do chíd cách gan chodhnach
beag le gach aon cuid dá chrodh
ná tuig nach taom dot thurnamh.

8 Ag rí Saxan slios mar chailci
bíth mar chách na chumairce
mar as gar dá fheólfhuil t’fhuil
fagh tar dheóraidh do dhúthuigh.

9 Gá d’támuid ris a rún glan
d’fhurtocht éigin do thalmhan
slán tar tuinn go dtí tusa
a chlí fhuinn na hEamhna-sa.

10  Mar a-deirim déuntar libh
más éidir a Mhéug Uidhir
a chinn sluaigh na dtachar dte
ar n-athchar uaibh as aince.